Athbhreithniú Polasaí Fón póca
Coláiste na bPiarsach, Ros Muc

Scoláirí, tuismitheoirí, foireann teagaisc,bainistíocht agus Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin.

Cúis:
Atmasféar níos fearr foghlamtha a chothú do scoláirí an Choláiste ar scoil.

- Tá cosc ar úsáid fón póca i gColáiste na bPiarsach ach i gcásanna éisceachtúla.
- Níl sé de chead ag scoláire fón póca a usáid le linn am scoile. Ciallaíonn am scoile ón 8.15 ar maidin go dtí 4.20 nó níos deanaí má tá imeachtaí bhreise ar súil ag an scoláire ar scoil.
- Níl sé de chead ag scoláire fón póca a úsáid ag aon imeacht bainteach le saol na scoile **gan cead ón scoil**.Ciallaíonn sé seo ag teacht agus ag imeacht chuig imeachtaí ar bhusanna.Má dhéantar mí-úsáid ar gcead seo tarraineogfar siar é.

Moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí a chur ina luí ar a mac/inión gan an fón póca a thabhairt ar scoil.Tuigeann Údaras na scoile go dteastaíonn uaidh tuismitheoir/caomhnóir teagmháil a dhéanamh le scoláirí i ndiaidh na scoile. Sa gcás seo, is féidir an fón póca a thabhairt ar scoil ach é a bheith múchta agus as radharc i gconaí.

Má bhíonn i gcás prainní ar an scoláire glaoch abhaile is féidir fón na scoile a úsáid.

Má bhreitear ar scoláire ag úsáid fón póca, iarrtar air/uirthi é a thabhairt suas láithreach don múinteoir. Fágtar in oifig na scoile é go deireadh an lae. Tugtar ar

ais an gléas ag deireadh an lae. Connítear mar smachtbhanna an scoláire istigh ag am lón.

Má bhreitear an dara uair ar an scoláire ag úsáid fón póca, iarrtar air/uirthi é a thabhairt suas láithreach don múinteoir. Coinnítear san oifig é go dtiocfaidh tuismitheoir/caomhnóir isteach ar a thóir. Coinnítear mar smachtbhanna an scoláire tar éis na scoile.

Ciallaíonn usáid:

1. An fón póca a bheith le feicéail.
2. An fón a bheith casta air.
3. Ag cur glaoch nó ag fáil glaoch.
4. Ag seoladh nó ag fáil téacstheachtaireacht.
5. Ag tógail pictiúr.*
6. Ag déanamh fiséan.*
7. Ag seicéail an am.
8. Ag imirt cluichí
9. Ag usáid an idirlíon
10. Ag éisteacht le ceol.
11. Ní liosta cuimsitheach é seo.

D'fheadfaí smachtbhannaí bunaíthe ar chód iompar na scoile a chur i bhfeidhm.
*Breathnaítar ar tógáil pictiúir nó ag déanamh físean mar bhriseadh tromchúiseach den pholasaí seo agus de pholasaí Chód Iompar na scoile. Is sarú tromchúiseach é ar cheartú daoine eile a bheith ag tógáil pictiúir nó ag déanamh fiséain gan cead.

Eachtraí taobh istigh de am scoile nó ag imeachtaí scoile ina n-úsáideann scoláirí fón pocaí/gléasanna teicneolaíochta chun bulaíocht a dhéanamh ar scoláire/scoláirí eile nó glaochanna/téacstheachtaireachtaí mailíseacha a dhéanamh/a sheoladh, déanfar é a fhiosrú taobh istigh de Pholasaí Frith-bhulaíochta agus Polasaí Cód Iompar na scoile.

Mar eolas, is cion coiriúil fón póca nó gléas teicneolaíocht eile a úsáid chun duine eile a mhaslú nó a chiapadh. D'fhéadfadh an scoil na hÚdaráis cuí a chur ar an eolas.
Ar ocáidí éisceachtúla, d'fhéadfaí an fón póca a úsáid i ranganna ar leith faoi stiúir agus le céad an mhúinteora. I ndiaidh an rang, múchtóir an fón póca láithreach.

Ní úsáidfidh foireann teagasc na scoile fón póca ina ranganna ach ar chúiseanna oideachasúil amháin.

Ní ghlacann an scoil aon fhreagracht ar fóin pócaí/gléasanna teicneolaíochta a théann amú,a ghoidtear nó a dhéantar damáiste dhó.

Baineann sábhailteacht agus slándáil na ngléasanna seo le scoláirí agus a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí.

<u>Cleachtais oibriú ag glacadh le fón póca</u>

- Sula dtugtar an fón póca suas don múinteoir, iarrtar ar an scoláire é a mhúchadh.
- Tugann an múinteoir chuig na h-oifige an fón póca.
- Siníonn an múinteoir agus príomhoide/runaí na scoile foirm ag síneadh isteach an fón póca.
- Cuirtear an fón póca i gclúdach litreach le ainm an scoláire agus stampa na scoile air.
- Coinnítear faoi ghlas an fón póca san oifig.
- Sula dtugtar an gléas ar ais, siníonn an tuismitheoir/caomhnóir/scoláire foirm ag glacadh ar ais leis an fón póca.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2022/23 nó níos tuisce más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta na scoile ar an _____

Siníthe_____